Parlaimint na hEorpa
2024-2029

an Coiste um Shaoirsí Sibhialta, um Cheartas agus um Ghnóthaí Baile

2025/0132(COD)

17.10.2025

***I
DRÉACHT-TUARASCÁIL

ar an togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Rialachán (AE) 2024/1348 a mhéid a bhaineann le cur chun feidhme choincheap an tríú tír shábháilte
(COM(2025)0259 – C10-0088/2025 – 2025/0132(COD))

an Coiste um Shaoirsí Sibhialta, um Cheartas agus um Ghnóthaí Baile

Rapóirtéir don tuairim: Lena Düpont

Eochair do na siombailí a úsáidtear

*	An nós imeachta comhairliúcháin
***	Nós imeachta an toilithe
***I	An gnáthnós imeachta reachtach (an chéad léamh)
***II	An gnáthnós imeachta reachtach (an dara léamh)
***III	An gnáthnós imeachta reachtach (an tríú léamh)

(Braitheann an cineál nós imeachta ar an mbunús dlí a mholtar sa dréachtghníomh.)

Leasuithe ar dhréachtghníomh

Leasuithe ó Pharlaimint na hEorpa arna leagan amach in dhá cholún

Léirítear téacs atá scriosta le ***cló trom iodálach*** sa cholún ar chlé. Léirítear téacs atá curtha in ionad téacs eile le ***cló trom iodálach*** sa dá cholún. Léirítear téacs nua le ***cló trom iodálach*** sa cholún ar dheis.

Sa chéad agus sa dara líne den cheanntásc a ghabhann le gach leasú, sonraítear an chuid ábhartha den dréachtghníomh atá á breithniú. Má bhaineann leasú le gníomh atá cheana ann a bhfuil sé i gceist é a leasú leis an dréachtghníomh, bíonn an tríú líne i gceanntásc an leasaithe ina sonraítear an gníomh atá cheana ann agus bíonn an ceathrú líne ann ina sonraítear an fhoráil den ghníomh sin is mian le Parlaimint na hEorpa a leasú.

Leasuithe ó Pharlaimint na hEorpa i bhfoirm téacs comhdhlúite

Aibhsítear téacs nua le ***cló trom iodálach***. Léirítear téacs atá scriosta trí leas a bhaint as an tsiombail ▌ nó cuirtear líne tríd an téacs. Léirítear téacs atá curtha in ionad téacs eile tríd an téacs nua a aibhsiú le ***cló trom iodálach*** agus tríd an téacs atá á ionadú a scriosadh nó líne a chur tríd.
Mar eisceacht air sin, ní aibhsítear athruithe atá go hiomlán teicniúil agus arb athruithe iad a rinne na ranna dréachtaithe nuair a bhí an téacs críochnaitheach á ullmhú.

CLÁR

Leathanach

DRÉACHTRÚN REACHTACH Ó PHARLAIMINT NA hEORPA 5

RÁITEAS MÍNIÚCHÁIN 14

DRÉACHTRÚN REACHTACH Ó PHARLAIMINT NA hEORPA

ar an togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Rialachán (AE) 2024/1348 a mhéid a bhaineann le cur chun feidhme choincheap an tríú tír shábháilte
(COM(2025)0259 – C10-0088/2025 – 2025/0132(COD))

(An gnáthnós imeachta reachtach: an chéad léamh)

Tá Parlaimint na hEorpa,

– ag féachaint don togra ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle (COM(2025)0259),

– ag féachaint d'Airteagal 294(2) agus d'Airteagal 78(2), pointe (d), den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, ar dá mbun a thíolaic an Coimisiún an togra do Pharlaimint na hEorpa (C10-0088/2025),

– ag féachaint d'Airteagal 294(3) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

– ag féachaint don tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa,

– ag féachaint don tuairim ó Choiste na Réigiún,

– ag féachaint do Riail 60 dá Rialacha Nós Imeachta,

– ag féachaint don tuarascáil ón gCoiste um Shaoirsí Sibhialta, um Cheartas agus um Ghnóthaí Baile (A10-0000/2025),

1. ag glacadh a seasaimh ar an gcéad léamh mar a leagtar amach ina dhiaidh seo é;

2. á iarraidh ar an gCoimisiún an t-ábhar a tharchur chuig Parlaimint na hEorpa arís má dhéanann sé téacs eile a chur in ionad a thogra, má dhéanann sé a thogra a leasú go substaintiúil nó má tá sé ar intinn aige a thogra a leasú go substaintiúil;

3. á threorú dá hUachtarán a seasamh a chur ar aghaidh chuig an gComhairle, chuig an gCoimisiún agus chuig na parlaimintí náisiúnta.

Leasú 1

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 1 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(1a) Agus measúnú á dhéanamh an gcomhlíonann tríú tír na coinníollacha chun go measfar gur tríú tír shábháilte í chun críocha Rialachán (AE) 2024/1348, ba cheart do na Ballstáit a bheith in ann a chur i gcuntas an bhfuil an tír sin san áireamh i liosta an Aontais nó i liosta náisiúnta de thíortha sábháilte tionscnaimh, dá dtagraítear in Airteagal 61 den Rialachán sin. D'fhéadfadh áireamh tíre ar liosta den sórt sin a bheith ina léiriú ábhartha ar staid ghinearálta chearta an duine agus ar chobhsaíocht sa tír sin. Ba cheart do na Ballstáit a áirithiú go mbeadh rochtain éifeachtach ag an iarratasóir ar chosaint éifeachtach sa tríú tír sin i gcomhréir le prionsabal an non-refoulement agus le Rialachán (AE) 2024/1348.

Or. en

Leasú 2

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 2

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(2) Ní cheanglaítear nasc a bheith ann idir an t-iarratasóir agus an tríú tír shábháilte faoin dlí idirnáisiúnta um dhídeanaithe, Coinbhinsiún na Ginéive go sonrach, ná faoin dlí idirnáisiúnta um dhídeanaithe, an Coinbhinsiún Eorpach um Chearta an Duine go sonrach. Dá bhrí sin, ba cheart an deis a bheith ag na Ballstáit coincheap an tríú tír shábháilte a chur i bhfeidhm i gcás nach féidir aon nasc a bhunú idir an t-iarratasóir agus an tríú tír	(2) Ní cheanglaítear nasc a bheith ann idir an t-iarratasóir agus an tríú tír shábháilte faoin dlí idirnáisiúnta um dhídeanaithe, Coinbhinsiún na Ginéive go sonrach, ná faoin dlí idirnáisiúnta um dhídeanaithe, an Coinbhinsiún Eorpach um Chearta an Duine go sonrach. Dá bhrí sin, ba cheart an deis a bheith ag na Ballstáit coincheap an tríú tír shábháilte a chur i bhfeidhm i gcás nach féidir aon nasc a bhunú idir an t-iarratasóir agus an tríú tír

shábháilte lena mbaineann, ar choinníoll go gceanglaítear le comhaontú nó socrú leis an tríú tír lena mbaineann scrúdú a dhéanamh ar thuillteanais na n-iarrataí ar chosaint éifeachtach arna ndéanamh ag iarratasóirí faoi réir an chomhaontaithe nó an tsocraithe sin.	shábháilte lena mbaineann, ar choinníoll go gceanglaítear le comhaontú nó socrú ***arna thabhairt i gcrích ag an Aontas Eorpach nó ag Ballstát amháin nó níos mó*** leis an tríú tír lena mbaineann scrúdú a dhéanamh ar thuillteanais na n-iarrataí ar chosaint éifeachtach arna ndéanamh ag iarratasóirí faoi réir an chomhaontaithe nó an tsocraithe sin.
	Or. en

Leasú 3

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 2 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(2a) Chun cur i bhfeidhm aonfhoirmeach dhlí an Aontais a áirithiú agus chun cleachtais éagsúla i measc na mBallstát a sheachaint, ba cheart úsáid comhaontuithe nó socruithe arna dtabhairt i gcrích ag an Aontas Eorpach le tríú tíortha a spreagadh. Le hionstraimí den sórt sin ar leibhéal an Aontais, soláthraítear creat coiteann dlíthiúil agus nós imeachta le haghaidh comhar maidir le tearmann agus imirce, áirithítear comhlíonadh dhlí agus chaighdeáin an Aontais, agus treisítear muinín fhrithpháirteach idir na Ballstáit maidir le cur i bhfeidhm choincheap an tríú tír shábháilte.
	Or. en

Leasú 4

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 3

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(3) Ba cheart an deis a bheith ag Ballstáit coincheap an tríú tír shábháilte a chur i bhfeidhm ar bhonn an naisc idir an t-iarratasóir agus an tríú tír lena mbaineann,	(3) Ba cheart an deis a bheith ag Ballstáit coincheap an tríú tír shábháilte a chur i bhfeidhm ar bhonn an naisc idir an t-iarratasóir agus an tríú tír lena mbaineann,

nasc ***ar ar a bhonn a bheadh sé*** réasúnach ***don*** iarratasóir ***dul chuig an tríú tír sin***.	***toisc go bhfuil sé*** réasúnta ***a bheith ag súil*** go bhféadfadh an t-iarratasóir ***dul chuig an tír sin agus iarratas a dhéanamh ar chosaint sa tír sin***.
	Or. en

Leasú 5

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 4 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(4a) Chun éifeachtacht choincheap an tríú tír shábháilte a chaomhnú agus chun cur i bhfeidhm comhleanúnach a áirithiú ar fud an Aontais, ba cheart do na Ballstáit a chuireann an coincheap sin i bhfeidhm úsáid iomlán a bhaint as na forais uile a leagtar amach i Rialachán (AE) 2024/1348 sula ndéanfaidh siad scrúdú ar iarratas ar chosaint idirnáisiúnta ar bhonn a thuillteanas. Dá bhrí sin, ba cheart dóibh a mheas, ar bhealach cuimsitheach, an féidir na coinníollacha a bhaineann le nasc, idirthuras, nó comhaontú nó socrú atá ann cheana leis an tríú tír lena mbaineann a chur i bhfeidhm go héifeachtach. I gcás nach féidir aon cheann de na coinníollacha sin a chur i bhfeidhm, nó i gcás ina ndiúltaíonn an tríú tír an t-iarratasóir a ligean isteach nó a athligean isteach, agus sa chás sin amháin, ba cheart rochtain a dheonú don iarratasóir ar an nós imeachta tearmainn laistigh den Aontas.
	Or. en

Leasú 6

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 5

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(5) I bhfianaise staid leochaileachta	(5) I bhfianaise staid leochaileachta

mionaoiseach neamhthionlactha agus an ghá atá le tacaíocht spriocdhírithe, níor cheart coincheap an tríú tír shábháilte a chur i bhfeidhm maidir le mionaoisigh neamhthionlactha ach amháin i gcás inar féidir nasc nó idirthuras a bhunú leis an tríú tír lena mbaineann agus ina gcomhlíontar coinníollacha Airteagal 59(6) de Rialachán (AE) 2024/1348 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle. Ba cheart do na Ballstáit a áirithiú go dtabharfar tús áite do leas an linbh i ngach cinneadh a bhaineann le mionaoisigh.	mionaoiseach neamhthionlactha agus an ghá atá le tacaíocht spriocdhírithe, níor cheart coincheap an tríú tír shábháilte a chur i bhfeidhm maidir le mionaoisigh neamhthionlactha ach amháin i gcás inar féidir nasc nó idirthuras a bhunú leis an tríú tír lena mbaineann agus ina gcomhlíontar coinníollacha Airteagal 59(6) de Rialachán (AE) 2024/1348 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle. ***Mar sin féin, i gcás ina bhfuil forais réasúnacha ann lena mheas gur baol don tslándáil náisiúnta nó don ord poiblí é an mionaoiseach neamhthionlactha, ba cheart do na Ballstáit a bheith in ann an coincheap sin a chur i bhfeidhm freisin i gcomhréir leis na comhaontuithe nó na socruithe arna dtabhairt i gcrích leis an tríú tír lena mbaineann. I ngach cás,*** ba cheart do na Ballstáit a áirithiú go dtabharfar tús áite do leas an linbh i ngach cinneadh a bhaineann le mionaoisigh.
	Or. en

Leasú 7

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 6

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(6) Is gá feabhas a chur ar thrédhearcacht maidir le comhaontuithe agus socruithe a thugann na Ballstáit i gcrích le tríú tíortha sábháilte, chun tacú leis na Ballstáit agus leis an gCoimisiún cur chuige cuimsitheach a bhunú maidir le gné sheachtrach na himirce, agus a n-iarrachtaí i leith tríú tíortha a chomhordú chun coincheap an tríú tír shábháilte a chur i bhfeidhm. D'fhágfadh sé sin go bhféadfaí faireachán a dhéanamh i dtaobh an gcomhlíonann comhaontuithe nó socruithe le tríú tíortha na coinníollacha a leagtar síos leis an Rialachán seo. Ba cheart go ndéanfadh sé cur i bhfeidhm níos comhsheasmhaí agus níos comhleanúnaí de choincheap an tríú tír shábháilte ar fud an	(6) Is gá feabhas a chur ar thrédhearcacht maidir le comhaontuithe agus socruithe a thugann na Ballstáit i gcrích le tríú tíortha sábháilte, chun tacú leis na Ballstáit agus leis an gCoimisiún cur chuige cuimsitheach a bhunú maidir le gné sheachtrach na himirce, agus a n-iarrachtaí i leith tríú tíortha a chomhordú chun coincheap an tríú tír shábháilte a chur i bhfeidhm. D'fhágfadh sé sin go bhféadfaí faireachán a dhéanamh i dtaobh an gcomhlíontar coinníollacha a leagtar síos sa Rialachán seo le comhaontuithe nó socruithe le tríú tíortha. Ba cheart go ndéanfadh sé cur i bhfeidhm níos comhsheasmhaí agus níos comhleanúnaí de choincheap an tríú tír shábháilte ar fud an

Aontais a chumasú freisin, agus ba cheart go rannchuideodh sé le dea-fheidhmiú foriomlán an Chomhchórais Eorpaigh Tearmainn. Chuige sin, ba cheart a cheangal ar na Ballstáit an Coimisiún agus Ballstáit eile a chur ar an eolas sula dtabharfar comhaontuithe nó socruithe i gcrích le tríú tíortha.	Aontais a chumasú freisin, agus ba cheart go rannchuideodh sé le dea-fheidhmiú foriomlán an Chomhchórais Eorpaigh Tearmainn. Chuige sin, ba cheart a cheangal ar na Ballstáit an Coimisiún agus na Ballstáit eile a chur ar an eolas ***agus tús á chur acu le caibidlíocht agus*** sula dtabharfar comhaontuithe nó socruithe i gcrích le tríú tíortha.
	Or. en

Leasú 8

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 7

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(7) Ba cheart do na Ballstáit a bheith in ann na bearta is gá a dhéanamh chun ***aghaidh a thabhairt ar*** an riosca ***go n-éalódh*** iarratasóirí a bhfuil coincheap an tríú tír shábháilte á chur i bhfeidhm orthu, lena n-áirítear trí shrian a chur le saorghluaiseacht de bhun Airteagal 9 de Threoir (AE) 2024/1346 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[2] , nó tríd an iarratasóir lena mbaineann a choinneáil i gcomhréir le hAirteagal 10 di, chun inghlacthacht iarratas a mheasúnú.	(7) Ba cheart do na Ballstáit a bheith in ann ***gach*** beart is gá a dhéanamh chun an riosca ***éalaithe*** a ***chosc*** i gcás iarratasóirí a bhfuil coincheap an tríú tír shábháilte á chur i bhfeidhm maidir leo, de bhun Airteagal 9 de Threoir (AE) 2024/1346 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[2] , nó tríd an iarratasóir lena mbaineann a choinneáil i gcomhréir le hAirteagal 10 di, chun inghlacthacht iarratas a mheasúnú.
_____	_____
[2] Treoir (AE) 2024/1346 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Bealtaine 2024 lena leagtar síos caighdeáin a bhaineann le hiarratasóirí ar chosaint idirnáisiúnta a ghlacadh (IO L, 2024/1346, 22.5.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2024/1346/oj).	[2] Treoir (AE) 2024/1346 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Bealtaine 2024 lena leagtar síos caighdeáin a bhaineann le hiarratasóirí ar chosaint idirnáisiúnta a ghlacadh (IO L, 2024/1346, 22.5.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2024/1346/oj).
	Or. en

Leasú 9

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 8

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(8) Chun éifeachtúlacht nós imeachta a fheabhsú, níor cheart ceart uathoibríoch a bheith ag an iarratasóir fanacht i gcríoch Ballstáit chun críche achomhairc i gcoinne cinntí neamh-inghlacthachta arna ndéanamh ar bhonn choincheap an tríú tír shábháilte. Mar sin féin, tá forfheidhmiú an chinnidh chomhfhreagraigh um fhilleadh le cur ar fionraí le linn na teorann ama ar laistigh di is féidir leis an duine lena mbaineann a cheart chun leigheas éifeachtach a fheidhmiú os comhair cúirte céadchéime agus ***nuair*** a thaisctear an t-achomharc sin ***i gcás*** ina bhfuil ***baol ann*** go sárófar prionsabal an non-refoulement.	(8) Chun éifeachtúlacht nós imeachta a fheabhsú, níor cheart ceart uathoibríoch a bheith ag an iarratasóir fanacht i gcríoch Ballstáit chun críche achomhairc i gcoinne cinntí neamh-inghlacthachta arna ndéanamh ar bhonn choincheap an tríú tír shábháilte. Mar sin féin, tá forfheidhmiú an chinnidh chomhfhreagraigh um fhilleadh le cur ar fionraí le linn na teorann ama ar laistigh di is féidir leis an duine lena mbaineann a cheart chun leigheas éifeachtach a fheidhmiú os comhair cúirte céadchéime***. I gcás ina dtaiscfear*** achomharc den sórt sin***, ní fhéadfar forfheidhmiú a chur ar fionraí ach amháin má*** tá ***forais réasúnacha ann lena chreidiúint go mbeadh*** sárú ar phrionsabal an non-refoulement mar thoradh ar an aistriú sin.
	Or. en

Leasú 10

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 1 – mír 1 – pointe -1 (nua)
Rialachán (AE) 2024/1348
Airteagal 59 – mír 3 – fomhír 1 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(-1) Cuirtear an fhomhír seo a leanas le hAirteagal 59(3):
	Agus measúnú á dhéanamh acu an gcomhlíonann tríú tír na coinníollacha chun go measfar gur tríú tír shábháilte í i gcomhréir leis an Airteagal seo, féadfaidh na Ballstáit a chur i gcuntas an bhfuil an tír sin ar áireamh i liosta an Aontais nó i liosta náisiúnta de thíortha sábháilte tionscnaimh dá dtagraítear in Airteagal 61 den Rialachán seo.
	Or. en

Leasú 11

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 1 – pointe a
Rialachán (AE) 2024/1348
Airteagal 59 – mír 5 – pointe b – pointe i

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
i) tá nasc ann idir an t-iarratasóir agus an tríú tír lena mbaineann agus ***ar bhonn an naisc sin, bheadh sé réasúnach dó dul chuig an tír sin;***	i) tá nasc ann idir an t-iarratasóir agus an tríú tír lena mbaineann,

Or. en

Leasú 12

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 1 – pointe a
Rialachán (AE) 2024/1348
Airteagal 59 – mír 5 – pointe b – pointe iii

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
iii) tá comhaontú nó socrú ann leis an tríú tír lena mbaineann lena gceanglaítear scrúdú a dhéanamh ar thuillteanais na n-iarrataí ar chosaint éifeachtach arna ndéanamh ag iarratasóirí atá faoi réir an chomhaontaithe nó an tsocraithe sin.	iii) tá comhaontú nó socrú ann ***arna thabhairt i gcrích ag an Aontas nó ag Ballstát amháin nó níos mó*** leis an tríú tír lena mbaineann lena gceanglaítear scrúdú a dhéanamh ar thuillteanais na n-iarrataí ar chosaint éifeachtach arna ndéanamh ag iarratasóirí atá faoi réir an chomhaontaithe nó an tsocraithe sin.

Or. en

Leasú 13

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 1 – pointe b
Rialachán (AE) 2024/1348
Airteagal 59 – mír 5 – fomhír 2

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
Agus an chéad mhír, pointe (b), á chur i bhfeidhm, tabharfar tús áite do leas an linbh. Ní bheidh feidhm ag an gcéad mhír, pointe (b)(iii), i gcás inar mionaoiseach	Agus an chéad mhír, pointe (b), á chur i bhfeidhm, tabharfar tús áite do leas an linbh. Ní bheidh feidhm ag an gcéad mhír, pointe (b)(iii), i gcás inar mionaoiseach

neamhthionlactha an t-iarratasóir.	neamhthionlactha an t-iarratasóir***, mura bhfuil forais réasúnacha ann lena mheas gur baol é an mionaoiseach neamhthionlactha don tslándáil náisiúnta nó don ord poiblí faoin dlí náisiúnta***.
	Or. en

RÁITEAS MÍNIÚCHÁIN

Is céim thráthúil spriocdhírithe é an togra ón gCoimisiún chun leasú a dhéanamh ar Rialachán (AE) 2024/1348 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear nós imeachta coiteann le haghaidh cosaint idirnáisiúnta san Aontas a mhéid a bhaineann le cur i bhfeidhm choincheap an ‘tríú tír shábháilte’ chun a áirithiú go mbeidh an Comhchóras Eorpach Tearmainn inchreidte agus inoibrithe araon. Tugtar aghaidh ar neamhréireachtaí seanbhunaithe sa chaoi ar chuir na Ballstáit an coincheap i bhfeidhm agus freagraíonn sé d’iarrataí ó údaráis náisiúnta ar sholúbthacht agus soiléireacht dhlíthiúil níos fearr.

Tá coincheap an tríú tír shábháilte fós ina chuid bhunriachtanach den bheartas cosanta idirnáisiúnta. Léiríonn sé bunphrionsabal: ba cheart dóibh siúd a bhfuil cosaint de dhíth orthu í a fháil, ach ní gá gur san Aontas Eorpach a bhfaigheadh siad í i gcás go bhféadfaidís cosaint éifeachtach a fháil i dtríú tír a mheastar a bheith sábháilte dóibh. Le deich mbliana anuas, áfach, cuireadh bac ar úsáid phraiticiúil na huirlise sin mar gheall ar chastacht nós imeachta agus léirmhínithe éagsúla i measc na mBallstát, go háirithe maidir leis an gceanglas le haghaidh ‘nasc’a bheith ann idir an t-iarratasóir agus an tríú tír agus éifeacht fionraíochta uathoibríoch na n-achomharc. Baintear de thátal as anailísí institiúideacha agus measúnuithe saineolaithe neamhspleácha araon gur féidir na coigeartuithe is gá a dhéanamh gan an dlí idirnáisiúnta ná dlí an Aontais a chur i mbaol.

Baineann an chéad fheabhsúchán leis an gcritéar naisc. Mar a d’aithin Ard-Choimisinéir na Náisiún Aontaithe le haghaidh Dídeanaithe agus mar a deimhníodh le scoláireacht dhlíthiúil, ní fhorchuirtear leis an dlí idirnáisiúnta ceanglas go mbeadh nasc pearsanta ann idir iarratasóir agus an tír a mheastar a bheith sábháilte. Cé go bhféadfadh nasc a bheith ann comhar praiticiúil a éascú, ní réamhchoinníoll é le haghaidh dlíthiúlachta. Dá bhrí sin, tá sé beartaithe ag an gCoimisiún, mar is ceart, an ghné sin a dhéanamh roghnach, agus ar an gcaoi sin an tsolúbthacht a thabhairt do na Ballstáit a chinneadh an gcuirfear i bhfeidhm í agus conas í a chur i bhfeidhm, ag brath ar imthosca oibríochtúla agus ar chreataí nó socruithe comhair a bheith ann le tíortha comhpháirtíochta.

Ní mór a mheabhrú freisin go gceanglaítear leis an togra ar na Ballstáit an Coimisiún agus Ballstáit eile a chur ar an eolas sula dtabharfar comhaontuithe nó socruithe i gcrích le tríú tíortha sábháilte, rud a áiritheoidh trédhearcacht agus feasacht fhrithpháirteach níos fearr, agus a threiseoidh ar deireadh comhordú agus comhleanúnachas in iarrachtaí an Aontais maidir le bainistiú seachtrach imirce.

Ní dhéantar cearta bunúsacha a lagú ná ní dhéantar caighdeáin chosanta a laghdú leis an athrú sin. Os a choinne sin, léirítear an réaltacht gur minic a bhíonn ‘nasc’ ina chonstaic riaracháin seachas ina choimirce. Trí phrionsabal an mheasúnaithe aonair a choinneáil, cinntímid go scrúdófar gach cás fós chun a dheimhniú gur féidir leis an duine lena mbaineann cosaint éifeachtach a fháil sa tríú tír, lena n-áirítear urraim do non-refoulement agus rochtain ar nósanna imeachta cothroma. Ní hé an leibhéal cosanta an t-athrú, ach cumas na mBallstát an coincheap a chur i bhfeidhm go comhsheasmhach agus go héifeachtúil.

Baineann an dara feabhsúchán le héifeacht fionraíochta na n-achomharc. Faoi na rialacha atá ann faoi láthair, cuirtear aistriú ar fionraí go huathoibríoch le hachomharc i gcoinne cinneadh neamh-inghlacthachta bunaithe ar choincheap an tríú tír shábháilte go dtí go dtugtar

breithiúnas críochnaitheach. Cé go raibh sé d'aidhm ag an gcosaint sin iarratasóirí a chosaint ar aon riosca refoulement, tá dlíthíocht fhada agus cleachtas neamhréireach ar fud an Aontais mar thoradh uirthi chomh maith. Trí dheireadh a chur leis an éifeacht fionraíochta uathoibríoch, agus ceart an iarratasóra chun fionraí a iarraidh os comhair cúirte nó binse á ráthú, tá sé beartaithe deireadh a chur leis an gcleachtas sin. Beidh sé de chumhacht fós ag an údarás breithiúnach éifeacht fionraíochta a dheonú aon uair a bheidh riosca inchreidte refoulement nó díobhála doleasaithe eile ann.
Leis an gcur chuige cothrom sin, urramaítear go hiomlán Airteagal 47 den Chairt um Chearta Bunúsacha agus cásdlí na Cúirte Breithiúnais agus na Cúirte Eorpaí um Chearta an Duine araon. Is léir ó dhlí-eolaíocht um chearta an duine nach gceanglaítear leis an gceart chun leigheas éifeachtach a fháil go gcuirfí cás ar fionraí go huathoibríoch i ngach cás, ach go gceanglaítear go bhféadfadh an leigheas éifeacht fionraíochta a chruthú nuair is gá. Dá bhrí sin, tacaíonn an togra le cosaint bhreithiúnach agus éifeachtúlacht nós imeachta á hathbhunú. Cuirtear cosc freisin ar chásanna de liombó dlíthiúil, rud a d'fhág iarratasóirí roimhe seo i staid éiginnte ar feadh míonna nó blianta, agus a bhain an bonn den mhuinín as córais tearmainn agus a chruthaigh ualach riaracháin nach raibh gá leis do na Ballstáit.

Ní mór dúinn an comhleanúnachas idir nósanna imeachta tearmainn agus nósanna imeachta um fhilleadh a neartú, rud a chuirfidh le córas níos rianúla. Trí na rialacha a shoiléiriú agus a chuíchóiriú, treisímid an comhar atá bunaithe ar chomhpháirtíocht le tríú tíortha, lena n-áirithítear go rachaidh comhaontuithe agus socruithe Sábháilte Tríú Tír chun tairbhe don dá thaobh, go seasfaimid le prionsabail maidir le comhroinnt freagrachta, agus go n-urramófar go hiomlán cearta bunúsacha. Comhlánaítear leis beartas seachtrach imirce níos leithne an Aontais, lena n-áirítear moil um fhilleadh don todhchaí agus socruithe saincheaptha um athligean isteach, ina bhfuil coincheap na cosanta éifeachtaí fós lárnach.

Tá an togra ón gCoimisiún fós laistigh de theorainneacha an dlí idirnáisiúnta agus Choinbhinsiún na Ginéive. Ní chuireann sé deireadh le coimircí ach cuireann sé dlí an Aontais ar ais i gcomhthéacs. Téann roinnt gnéithe den chreat atá ann faoi láthair thar na ceanglais idirnáisiúnta ('rórialáil'), agus is éard is mian linn a bhaint amach leis an athbhreithniú seo ná iad a athailíniú leis na hoibleagáidí dlíthiúla iarbhír.

Ó thaobh na polaitíochta de, is rannchuidiú nithiúil í an dréacht-tuarascáil seo le cur chun feidhme an Chomhshocraithe maidir le hImirce agus Tearmann. Léirítear léi gur féidir leis an Aontas gníomhú go tapa chun deireadh a chur le scrogaill nós imeachta lenar cuireadh cosc ar fheidhmiú cuí a chórais tearmainn. Is é sin go díreach a theastaíonn ó bheartas imirce atá daingean agus cothrom: nósanna imeachta atá tapa agus in-fhorfheidhmithe, ach atá fónta ó thaobh an dlí de agus lena n-urramaítear cearta bunúsacha freisin.

Is mian linn inchreidteacht a fheabhsú go hinmheánach agus go seachtrach araon. Tugaimid na huirlisí do na Ballstáit chun tearmann a bhainistiú ar bhealach níos éifeachtaí agus teachtaireacht shoiléir á cur in iúl againn go bhfuil an tAontas tiomanta i gcónaí do riachtanais chosanta agus do chomhlíonadh na n-oibleagáidí idirnáisiúnta maidir le cosaint idirnáisiúnta a áirithiú ach go bhfuil rún daingean aige srian a chur le mí-úsáid an chórais tearmainn agus le moill fhada nós imeachta. Ina theannta sin, cumasaímid comhar níos tapúla le tíortha comhpháirtíochta sábháilte agus spreagtar freagracht chomhroinnte trí shocruithe struchtúrtha.

Is é an aidhm atá againn rannchuidiú leis an gcuspóir fadtéarmach maidir le hailtireacht tearmainn Eorpach inbhuanaithe atá bunaithe ar dhlúthpháirtíocht, ar mhuinín agus ar

intuarthacht. Dá bhrí sin, tá gá leis an gceartúchán pragmatach sin seachas le hathchóiriú coincheapúil, lena n-áirithítear go bhfeidhmeoidh sásra an tríú tír sábháilte mar a bhí beartaithe ar dtús, chun torthaí tapa, cothroma agus dleathacha a chur ar fáil do na páirtithe uile lena mbaineann.

Ní ísliú caighdeán é sin ach dearbhú ar chumas na hEorpa prionsabal a chomhcheangal le praiticiúlacht. Tá córas tearmainn atá feidhmiúil agus inchreidte fíor-riachtanach chun muinín agus dlúthpháirtíocht an phobail a chaomhnú i measc na mBallstát. Is céim nithiúil i dtreo na sprice sin é an t-athchóiriú sábháilte tríú tír agus is comhartha soiléir é go bhfuil an tAontas Eorpach in ann a theorainneacha a chosaint, seasamh lena luachanna, agus torthaí a bhaint amach.

I bhfianaise an mhéid thuas, measann an Rapóirtéir nach n-éilítear leis an togra ón gCoimisiún ach mionchoigeartuithe spriocdhírithe chun soiléireacht dhlíthiúil iomlán agus comhleanúnachas oibríochtúil a áirithiú.

Agus measúnú á dhéanamh acu an gcáilíonn tríú tír mar thríú tír shábháilte, d'fhéadfadh na Ballstáit a chur i gcuntas go bhfuil an tír sin liostaithe cheana féin mar thír shábháilte thionscnaimh ar leibhéal an Aontais nó ar an leibhéal náisiúnta. D'fhéadfadh an imthoisc sin a bheith ina léiriú ar chobhsaíocht fhoriomlán na tíre agus ar an urraim atá aici do chearta an duine.

Chun a áirithiú go gcuirfear coincheap an tríú tír shábháilte i bhfeidhm go comhsheasmhach agus go héifeachtach, ba cheart do na Ballstáit breithniú a dhéanamh ar dtús ar na forais uile atá ar fáil - amhail nasc, idirthuras nó socrú atá ann cheana - sula ndéanfaidh siad scrúdú ar éileamh ar thearmann ar bhonn a thuillteanas. I gcás nach bhfuil feidhm ag aon cheann acu sin, agus sa chás sin amháin, ba cheart go leanfaí leis an nós imeachta laistigh den Aontas.

Chun cur i bhfeidhm comhsheasmhach dhlí an Aontais a áirithiú agus cleachtais éagsúla a sheachaint, ba cheart úsáid comhaontuithe nó socruithe ar leibhéal an Aontais le tríú tíortha a spreagadh, toisc go gcuireann siad creat coiteann ar fáil, go seasann siad le caighdeáin an Aontais, agus go neartaíonn siad muinín fhrithpháirteach i measc na mBallstát.

Tá mionaoisigh neamhthionlactha díolmhaithe ó chur i bhfeidhm choincheap an tríú tír shábháilte i gcás ina gcuirtear i bhfeidhm é ar bhonn comhaontaithe nó socraithe le tríú tír shábháilte. Mar sin féin, ba cheart cead a bheith ag na Ballstáit an coincheap a chur i bhfeidhm ar an mbonn sin i gcás ina bhfuil forais réasúnacha ann lena mheas go bhfuil an mionaoiseach ina bhaol don tslándáil náisiúnta nó don ord poiblí. Leis sin, caomhnaítear an chothromaíocht idir cosaint agus slándáil agus áirithítear comhleanúnachas leis na rialacha atá ann cheana sa nós imeachta teorann.

Ós rud é go mbainfeadh rioscaí neamhrialaithe éalaithe an bonn de chur i bhfeidhm choincheap an tríú tír shábháilte, ba cheart do na Ballstáit gach beart is gá a dhéanamh chun éalú den sórt sin a chosc.

Ar deireadh, molaimid na rialacha maidir le héifeacht fionraíochta a bheachtú trína shoiléiriú nach bhféadfar forfheidhmiú a chur ar fionraí ach amháin i gcás ina bhfuil forais réasúnacha ann lena chreidiúint go sáródh an t-aistriú prionsabal an non-refoulement. Áirithítear leis sin urraim iomlán do chearta bunúsacha agus moilleanna nós imeachta nach bhfuil gá leo á

seachaint.

Is díol sásaimh don Rapóirtéir an tionscnamh ón gCoimisiún agus tacaíonn sí lena ghlacadh go pras, le soiléirithe teoranta atá dírithe ar dheimhneacht dhlíthiúil agus trédhearcacht a threisiú. Trí ghlacadh le solúbthacht maidir leis an gcritéar nasctha agus trí na rialacha athbhreithnithe maidir le héifeacht fionraíochta a fhormhuiniú, is féidir le Parlaimint na hEorpa cabhrú le creat comhleanúnach a chur i gcrích a fhónann don chosaint agus d'éifeachtúlacht araon.